Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2021

# CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá ..... 5

## CUID 1: Forbhreathnú ar Obair na hOifige ..... 7

1.1 Forbhreathnú ar Obair na hOifige ..... 9
1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil ..... 10
1.3 Struchtúr na hEagraíochta ..... 11

## CUID 2: Achoimre ar Chomhaid a Fuarthas & ar Thorthaí ..... 12

2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas ..... 14
2.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh Díotáil ..... 21
2.3 Iarratais chuig na Cúirteanna ..... 33
2.4 Eiseachadadh agus Barántais Gabhála Eorpach ..... 37
2.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach ..... 39

## CUID 3: Cora Nua i gCúrsaí Dlí ..... 40

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2019 ..... 41
3.2 Íospartaigh Coireachta ..... 46
3.3 Rannpháirtíocht agus For-rochtain Sheachtrach ..... 49

## CUID 4: Riarachán Oifige ..... 52

4.1 Caiteachas na hOifige ..... 53
4.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2019 ..... 56
4.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ..... 57
4.4 Saoráil Faisnéise ..... 58
4.5 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2020 ..... 59
4.6 Scéim na Gaeilge ..... 61

# RÉAMHRÁ

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil do 2020 a chuir i láthair. Seo í an tuarascáil dheireanach a dhéanfaidh mé, os rud é go bhfuilim ag seasamh síos ó mo phost um an 7ú Deireadh Fómhair agus deireadh tagtha leis an dtéarma deich mbliana neamh-inathnuaite agam. Táim chun an deis a thapú, mar sin, le breathnú siar ar cheann nó dhó de na dul chun cinn mhóra a tharla le linn deich mbliana a bhí thar a bheith eachtrach maidir le coir in Éirinn.



Ar thús áite, 2020, a leithéid de bhliain do gach éinne in Éirinn mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Bhí an-tionchar ar fad ag an bpaindéim, ní amháin ar an mbealach a rinne an chóras ionchúisimh agus an chóras chirt phoiblí a ghnó, ach chomh maith le sin ar an gcineál gnó a raibh sé féideartha a dhéanamh. Ba sheirbhís riachtanach riar an chirt, agus lean an córas cirt choiriúil air ag feidhmiú. D'imigh an Oifig i ngleic go maith le na dúshláin a tharla mar gheall ar bhogadh gnó na cúirte chuig an ngréasán. Thugamar tús áite do chásanna caomhnóireachta ar dtús. Leanadh le pléadáil chiontach agus breithiúnais i ngach cúirt, mar aon le éisteachtaí ar leith sa Chúirt Dúiche agus trialacha sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Ar mhaithe le cúinsí sláinte an phobail, ní rabhamar in ann triail giúiré a reáchtáil do chuid mhór den bhliain, nó an méid céanna trialacha giúiré a reáchtáil. Fiú nuair a rabhamar in ann, bhí méid i bhfad níos lú ná mar a bheadh ann de ghnáth. Mar gheall ar seo, tá riaráiste ollmhóir triail sa Chúirt Lárnach Choiriúil agus sa Chúirt Chuarda. Aithním na h-iarrachtaí atá faoi bhun anois le dul i ngleic le na riaráistí trí cheapacháin bhreithimh bhreise le bheith sa chathaoir i dtriail. Cuirimse fáilte chomh maith roimh achtú an bhForáil ar Réamh-Éisteachtaí Trialacha mar atá san Acht um Nósanna Imeachta Coiriúil 2021. Tuigimse go bhfuil orainn fanacht ar chríochnú iomlán rialacha na cúirte sula dtosaímid ar an alt chuí den Acht sin, ach is mór an dóchas atá agam go ndéanfaidh na bearta seo próiseas na trialach níos éifeachtaí agus go gcuirfidh siad cinnteacht bhreise ar fáil d'íospartaigh, do chúisithe, agus d'fhinnéithe maidir le cathain a bhfuil triail chun dul go cúirte.

Rinneadh na brúnna a chruthaigh an phaindéim maidir le riaráistí trialacha níos measa fós i 2020 os rud é go raibh méadú 27% ar an méid comhaid a fuaireamar le cinneadh a dhéanamh an fearr ionchúiseamh a dhéanamh. Bhí méadú ar líon na gcásanna a d'imigh chun ionchúisimh mar gheall ar seo, bíodh siad achomair nó ar chiontú, agus chuir seo an-bhrú ar fad ar an seirbhís ionchúisimh.

Tháinig dúbailt, beag nó mór, ar an líon Barántais Gabhála Eorpacha a bhfuaireamar idir 2019 agus 2020. Le linn an tréimhse chéanna, bhí méadú de bheagnach 50% ar Iarratais Chomh-Chabhair Dlíthe a cuireadh chuig an oifig. I ndiaidh na Breatimeachta, rinne an Oifig an-obair i bpáirt le na Gardaí agus daoine eile le réiteach do dheireadh na h-idirthréimhse ar an 31ú lá Nollaig 2020. Buíochas le Dia, tosaíodh ar an gcomhaontú nua Trádáil agus Comhobair AE-RA ag deireadh Mí na Nollaig 2020, agus i ndiaidh sin táimid ag braith ar seo le iarratais a chuir isteach do Bharántais Gabhála don RA.

Leanadh le na méaduithe san ualach oibre i 2021. Ní raibh an foireann san Oifig, atá measartha beag, in ann déileáil leis an ualach oibre bhreise seo. Ábhair áthais dom a rá, mar sin, gur cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 35 poist breise, rud a ardaíonn an líon iomlán foirne go 260. Ba mhaith liom ómós a léiriú do ghach ball foirne san Oifig a d'imigh i ngleic go hiontach maith le dúshlán phróiseáil ualach oibre níos mó, ach go h-áirithe le linn an 18 mhí dheireanach.

Réimse nua amháin a tháinig chun cinn go díreach mar gheall ar an bpaindéim ná briseadh an-chuid Rialacháin Sláinte Phoiblí, a rinne an Aire Sláinte dlí dóibh ó go raibh mí Márta 2020 ann. D'imigh Oifig an SIP i dteagmháil le agus thug comhairle don Gharda Síochána ar chuir i bhfeidhm na rialacháin seo, agus le linn 2020, stiúir dlíodóirí ó Oifig an SIP gach ceann de na h-ionchúisimh seo.

Tháinig athrú ar na rialacháin agus na cionta bainteach leo le linn 2020 agus 2021.  Le himeacht ama, bhíomar in ann déanamh cinntí maidir le catagóir chionta COVID faoi leith a fhágáil ar ais ag an nGarda Síochána.  É sin ráite, ba réimse oibre thábhachtach agus chasta go maith iad cionta COVID a raibh an-chuid mion-aird de dhíoth orthu, mar gheall ar na h-athruithe minic do na rialacha, cruthú cionta nua, agus athrú cionta eile.

B'fhéidir nach raibh aon dul as go mbeadh tionchar ag an ardú ualach oibre seo ar dhul chun cinn tionscnaimh eile, a leithéidí den Aonad um Choireanna Gnéis.  Bhí sé i gceist againn é a chuir ar bun sa tríú ceathrú i 2020, ach, mar gheall ar an bpaindéim agus an tionchar a bhí aige ar earcú mar aon le chúinsí eile, níorbh fhéidir seo a dhéanamh.  Ó mí na Nollaig 2020, thosaigh baill foirne a bhí le bheith mar chuid den Aonad um Choireanna Gnéis ag déanamh obair thábhachtach ullmhúcháin agus polasaithe, agus tá an-fhiúntas go deo le seo cheana féin.  D'imigh na baill foirne sin thall ag an Aonad nua go h-oifigiúil mí Aibreán 2021 le tús an chéad chéim. Bhíodar ag súil leis go bhféadfaimis tosú ar an dara céim den Aonad thart ar an am seo.  Ochón, cuireadh seo siar mar gheall ar an mbrú thar gach catagóir chion coiriúil a luaigh mé thuas.  Is gá baill foirne nua a earcú ar dtús.  Tá seo i gcomhthéacs géarghá d'Aonad tiomnaithe le déileáil leis an méid coireanna gnéis atá níos mó ná riamh.  I 2019 bhí méadú 12% ar méid a leithéid de chásanna.  I 2020, bhí ardú 8% thar ceann sin.

B'eachtrach go maith an deich mbliana ó go raibh 2011 ann d'Éirinn agus don chóras chirt choiriúil.  Thosaigh mo thréimhse oifige i ngéarchéim airgeadais agus tá deireadh ag teacht léi i gcomhthéacs phaindéim domhanda.  Sna blianta luath, bhí dúshláin ann mar gheall ar ghearradh siar i mbuiséad na hOifige bainteach leis an gcúlú eacnamaíochta. Agus sin ag tarlú, thug an Oifig faoi roinnt ionchúisimh nua, mhóra agus chasta a tháinig ón ngéarchéim baincéireachta, agus toradh ar seo ná ceann de na trialacha is faide a bhí ann i stair an Stáit.  Chonaiceamar chomh maith bunú chúirt iomlán nua, Cúirt na h-Achomhairc i 2014, agus Cúirt Speisialta Choiriúil eile i 2015.

Sa deich mbliana atá imithe, ba léir mhór-thionchar digitiú agus na meáin sóisialta.  Is mór an feiniméan é an chibearchoireacht, idir spleách ar ríomhairí nó éascaithe ag ríomhairí.  Tá coireacht domhanda anois.  Tá cásanna i ngach catagóir cionta éirithe níos mó agus níos casta agus tugann siad dúshláin mhóra mar gheall ar an méid ábhair a bailíodh i bhfiosrúcháin.  I ngach cás, tá orainn bheith cúramach faoinár n-oibleagáidí faisnéiste agus cosaint sonraí.

Tá díriú níos mó ar íospartaigh coire i reachtaíocht, rud a chuirimid fáilte leis, agus tá bród orm faoin obair fhairsing a rinne an Oifig le na blianta fada anuas le tuiscint agus eispéireas na n-íospartach ar an bpróiseas ina bhfuil siad páirteach a fheabhsú.  Leantar leis an obair sin.

Chonacthas ach go h-áirithe le linn an dara leath de mo thréimhse oibre ardú ar an ndrongchoirpeacht, agus rinneamar obair i bpáirt leis an nGarda Síochána le dul i ngleic leis an iliomad dúshláin a thagann uaireanta ó na cásanna seo.

Gach bliain, clúdaíonn ár dtuarascáil bhliantúil forbairt dhlíthe in an-chuid réimsí dlíthe.  Cuireadh i bhfeidhm méid ollmhór reachtaíocht choiriúil, idir nós imeachta agus substainteach.  Bhí an-chuid forbairt sár-thábhachtach i ról an ionchúisitheora sa bhreithiúnas, agus forbraíodh corpas dhlí cáis ó gur cuireadh an Cúirt Achomhairc ar bun atá thar a bheith cabhrach do gach chleachtóir so chóras chirt choiriúil.

Ba mhór an garsprioc an breithiúnas a thug an Chúirt Uachtarach i DPP v.  JC i 2015.  D'athfhoirmligh an bhreithiúnas seo, a tháinig ó achomharc a rinne na cúisitheoirí, an riail eisiachtach a bhí beagnach go h-iomlán daingean in Éirinn ó gur tharla DPP v. Kenny (1990).  Bhí an-tionchar aige ar inghlacthacht fianaise i gcásanna ar leith.  Roimh an gcinneadh JC, bhí an riail eisiachtach is déine againn i ndomhain an dhlí choiteann.  Ciall eile a bhí le h-athrú sa dlí mar gheall ar an mbreithiúnas Cúirte Uachtarach seo ná gur féidir leis an Oifig seo ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna nach mbeadh a leithéid féideartha tráth dá raibh.  Is féidir na h-ábhair seo a chuir anois os comhair na cúirte trialach agus iad a bhreith de réir an treoir a thugann an chás JC. Ar ndóigh, bhí an-impleachtaí ar fad aige seo, ní amháin d'ionchúisitheoirí ach chomh maith le sin dóibh siúd a d'fhulaing coir agus do leas an phobail, sa chaoi go gcinntíonn sé gur féidir daoine a dhéanann coir a thriail os comhair na cúirte.

Mar fhocal dheiridh, ba mhaith liom moladh a thabhairt don fhoireann san Oifig, riaracháin agus dlíthe araon. B'onóir dom a bheith mar chomhghleacaí acu thar an ocht mbliana is fichead a bhí mé mar ionchúisitheoir, agus bheith i gceannas orthu mar Stiúrthóir.  Ba léir dom i gcónaí a dtiomantas don seirbhís phoiblí, a ndúthracht, agus a solúbthacht, ach thar aon am eile san ocht mí déag dheireanach i rith an bpaindéim, nuair a d'éirigh siad--más féidir lena leithéid tarlú--níos torthúla, níos nuálach, agus níos tiomanta do sheirbhís ionchúisimh a chuir ar fáil ar son phobal na hÉireann.

**Claire Loftus**
**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

**Mí na Samhna 2021**

# CUID 1:

## Forbhreathnú ar Obair na hOifige

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# 1.1 Forbhreathnú ar Obair na hOifige

**1.1.1** Is é atá i mbunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná ionchúiseamh poiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a sheoladh agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Faightear tromlach na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána arb é an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin é. Ach, maidir le roinnt cásanna, is cásanna iad a tharchuireann gníomhaireachtaí speisialaithe imscrúdúcháin chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá ceithre rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

**i)** Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an **Rannán Stiúrtha** cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

**ii)** Cuireann **Rannán na nAturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúiseamh, seirbhís aturnae ar fáil don Stiúrthóir maidir le cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirteanna Dúiche agus Cúirteanna Coiriúla Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha. Taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, tá 32 aturnae stáit áitiúla, a fhostaítear ar bhunús conartha a chuireann seirbhís aturnae ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i gcúrsaí áirithe sa Chúirt Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

**iii)** Cuimsíonn an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** an tAonad Idirchaidrimh Íospartach, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi i dtaca le híospartaigh na coireachta a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh, mar a leagtar amach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017; an tAonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; agus soláthraíonn an tAonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh a dhéanann taighde dlíthiúil, tacaíocht d'fhorbairt beartais dhlíthiúil, agus oibríonn sé le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le cúrsaí beartais. Déanann an tAonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh bainistíocht eolais a chomhordú chomh maith agus áirítear leis sin an tseirbhís Leabharlainne a sholáthraíonn eolas agus seirbhís saineolais do bhaill foirne dlí agus riaracháin araon.

**iv)** Soláthraíonn an **Rannán Riaracháin** na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair, riaracháin agus faisnéise atá riachtanach don Oifig agus soláthraíonn siad tacaíocht do na Rannáin Stiúrthóireachta, Tacaíochta agus Ionchúiseamh agus do Rannán na nAturnaetha.

# 1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ** (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

**ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL** (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche agus achomhairc chuig an gCúirt Chuaird
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

**RANNÁN NA dTREORACHA, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ** (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

**ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL** (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúiseamh a dhéanamh de réir na dtreoracha a fuarthas
- Freastal ar éisteachtaí sa Chúirt Dúiche agus iad a ionchúiseamh
- Leabhar fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh i gcúirteanna trialach
- Freastal ar thriail agus an toradh a thuairisciú don Roinn Treorúcháin
- Dul i mbun idirchaidrimh le gníomhaireachtaí agus páirtithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas coiriúil
- Treoir a thabhairt ar chásanna Athbhreithnithe Breithiúnacha agus iad a stiúradh
- Achomhairc a ionchúiseamh sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Achomhairc (Coiriúil)

**ABHCÓIDE IONCHÚISIMH**

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**NA CÚIRTEANNA**

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 Struchtúr na hEagraíochta

## (Mar na Aibreán 2021)

- **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** – Claire Loftus
  - **An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** – Barry Donoghue
    - **Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh**
      - **Ceannasaí Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** – Catherine Pierse
        - **An tAonad Idirnáisiúnta** – Declan Keating
        - **An tAonad Polasaí & Taighde Ionchúiseamh** – Tricia Harkin
          - **An tAonad Leabharlainne** – Paula Murphy
        - **An tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh** – Helen Kealy
    - **Aonad um Chionta Gnéasacha** – Noreen Landers
    - **Rannán na nAturnaetha**
      - **An Príomh-Aturnae Ionchúisimh** – Helena Kiely
        - **Rannóg Achomhairc** – Peter McCormick
        - **Rannóg na Cúirte Cuarda** – Stephanie O'Brien
        - **Rannóg na Cúirte Dúiche** – Deirdre Manninger
        - **Rannóg Athbhreithnithe Breithiúnach** – Caroline Deacy
        - **Rannóg na nUaschúirteanna** – Liam Mulholland
    - **Rannán na dTreoracha**
      - **Ceannasaí Rannán na dTreoracha** – Elizabeth Howlin
        - **An tAonad Airgeadais Speisialta** – Henry Matthews
        - **Ceannasaithe na n-Aonad** – Raymond Briscoe, Henry Matthews, Padraic Taylor
    - **An Rannán Riaracháin**
      - **Ceannasaí an Rannáin Riaracháin** – Declan Hoban
        - **Comhordaitheoir Bainistíochta Athraithe** – Helen Cullen
        - **An tAonad Cumarsáide** – Orlagh Flood
        - **An tAonad Airgeadais** – John Byrne
        - **An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna** – Claire Rush
        - **An tAonad Teicneolaochta Eolais** – Marian Harte
        - **An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta** – Joe Mulligan

# CUID 2:

## ACHOIMRE AR CHOMHAID A FUARTHAS & AR THORTHAÍ

# Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

**2.1** Tá Cuid 2 briste síos i cuig roinn ar leith:

- **i)** Cairt 2.1.1 go dtí Cairt 2.1.5 (Cuid 2.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- **ii)** Cairt 2.2.1 go dtí Cairt 2.2.5 (Cuid 2.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2017 agus an bhliain 2019.
- **iii)** Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.3 (Cuid 2.3) mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.
- **iv)** Soláthraíonn Cairteacha 2.4.1 agus 2.4.2 (Cuid 2.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint Iarrataí ar Eiseachadadh (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- **v)** Tugann Cairt 2.5.1 (Cuid 2.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**2.2** Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 2.2.1 go dtí 2.2.5 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2020, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

**2.3** Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhfágfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Aibreán 2021.

**2.4** Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas

Léirítear i gCairt 2.2.1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2003 go 2020.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

**CAIRT 2.2.1: Líon Iomlán na gComhad a Fuarthas**

| BLIAIN | COMHAID |
|---|---|
| 2003 | 14,696 |
| 2004 | 14,613 |
| 2005 | 14,427 |
| 2006 | 15,279 |
| 2007 | 15,446 |
| 2008 | 16,144 |
| 2009 | 16,074 |
| 2010 | 15,948 |
| 2011 | 16,127 |
| 2012 | 15,285 |
| 2013 | 13,761 |
| 2014 | 14,012 |
| 2015 | 14,306 |
| 2016 | 13,169 |
| 2017 | 13,667 |
| 2018 | 14,849 |
| 2019 | 15,590 |
| 2020 | 17111 |


Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2.1.2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2.1.2: Comhaid a nDéileáiltear leo i Roinn na nAturnaetha


| | 2020 | % | 2019 | % | 2018 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 1110 | 24% | 1265 | 22% | 1097 | 19% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 1270 | 27% | 2871 | 50% | 2948 | 51% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 2133 | 46% | 1448 | 25% | 1559 | 27% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 140 | 3% | 168 | 3% | 172 | 3% |
| **IOMLÁN** | **4653** | **100%** | **5752** | **100%** | **5776** | **100%** |



Léirítear i gCairt 2.1.3 líon na gcomhad a fuarthas ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh iad a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na daoine a bhfuil drochamhras fúthu ó thaobh na gcomhad sin. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbaineann go leor comhad le breis is duine amháin a bhfuil amhras fúthu. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú ar líon iomlán na ndaoine a bhfuil drochamhras fúthu chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

## CAIRT 2.1.3: Briseadh Síos Maidir Leis na Comhaid a Fuarthas d'Fhonn Cinneadh Cibé an an nDéanfaí Ionchúiseamh

| | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 12458 | 9830 | 9072 |
| Lion na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin | 16158 | 12350 | 11675 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2018, 2019 agus 2020 (suas go dtí Aibreán 2021). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2018 agus 2019 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 2.1.4: Diúscairt Comhad an Roinn Treorúcháin de Réir Líon Daoine is ábhar do na Comhaid a Fuarthas


| **Treoir Déanta** | **2020** | **%** | **2019** | **%** | **2018** | **%** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 5598 | 34% | 4628 | 37% | 4722 | 40% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 4770 | 30% | 4264 | 35% | 3685 | 32% |
| Diúscairt Achomair | 5177 | 32% | 3415 | 28% | 3260 | 28% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **15545** | **96%** | **12307** | **100%** | **11667** | **100%** |
| Faoi Bhreithniú | 613 | 4% | 43 | 0% | 8 | 0% |
| **IOMLÁN** | **16158** | **100%** | **12350** | **100%** | **11675** | **100%** |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

## CAIRT 2.1.4A: Cur Síos ar na Príomhchúiseanna ar Threoir gan Duine atá faoi Amhras a Ionchúiseamh

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh | 2020 | % | 2019 | % | 2018 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 4427 | 79% | 3622 | 78% | 3626 | 77% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 473 | 8% | 367 | 8% | 308 | 6% |
| Leas an Phobail | 102 | 2% | 87 | 2% | 85 | 2% |
| Rabhadh Aosach | 76 | 1% | 71 | 1% | 71 | 1% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 94 | 2% | 42 | 1% | 62 | 1% |
| Tréimhse Ama Caite | 38 | 1% | 33 | 1% | 28 | 1% |
| Moill Mhíchuí | 35 | 1% | 35 | 1% | 25 | 1% |
| Amhrastach Éagach | 44 | 1% | 24 | 1% | 25 | 1% |
| Forais Simpiteacha | 3 | 0% | 2 | 0% | 0 | 0% |
| Eile | 306 | 5% | 345 | 7% | 492 | 10% |
| **IOMLÁN** | **5598** | | **4628** | | **4722** | |



Is briseadh síos atá i gCairt 2.1.4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 2.1.4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

## CAIRT 2.1.4B: CUR SíOS AN LíON IONCHúISEAMH AR DíOTáIL TREORAITHE DE RéIR CONTAE AN CHIONA

| | | | | | | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chiona | | | | | Cássanna an 1,000 Dúinne | | | | | Meáin Rolta 3 Bliana | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra 2020* | Daonra 2019* | Daonra 2018* | Daonra 2017* | Daonra 2016* | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2018-2020 | 2017-2019 | 2016-2018 |
| **Ceatharlach** | 58,298 | 58,799 | 58,057 | 57,489 | 56,932 | 32 | 38 | 37 | 50 | 42 | 0.54 | 0.65 | 0.64 | 0.87 | 0.74 | 0.61 | 0.72 | 0.75 |
| **An Cabhán** | 78,797 | 78,565 | 77,812 | 76,887 | 76,176 | 60 | 60 | 71 | 61 | 63 | 0.76 | 0.76 | 0.91 | 0.79 | 0.83 | 0.81 | 0.82 | 0.84 |
| **An Clár** | 122,591 | 121,762 | 121,109 | 119,550 | 118,817 | 71 | 88 | 88 | 117 | 66 | 0.58 | 0.72 | 0.73 | 0.98 | 0.56 | 0.68 | 0.81 | 0.75 |
| **Corcaigh** | 563,405 | 555,151 | 549,963 | 543,517 | 542,868 | 342 | 350 | 311 | 309 | 384 | 0.61 | 0.63 | 0.57 | 0.57 | 0.71 | 0.60 | 0.59 | 0.61 |
| **Dún na nGall** | 164,669 | 164,185 | 162,610 | 160,677 | 159,192 | 88 | 93 | 67 | 59 | 74 | 0.53 | 0.57 | 0.41 | 0.37 | 0.46 | 0.50 | 0.45 | 0.41 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,417,600 | 1,395,600 | 1,370,500 | 1,350,000 | 1,347,359 | 1,988 | 1,669 | 1,487 | 1,487 | 1,323 | 1.40 | 1.20 | 1.09 | 1.10 | 0.98 | 1.23 | 1.13 | 1.06 |
| **Gaillimh** | 267,564 | 264,090 | 260,673 | 257,484 | 258,058 | 179 | 157 | 148 | 155 | 128 | 0.67 | 0.59 | 0.57 | 0.60 | 0.50 | 0.61 | 0.59 | 0.56 |
| **Ciarraí** | 153,295 | 151,049 | 149,637 | 147,883 | 147,707 | 106 | 96 | 83 | 74 | 91 | 0.69 | 0.64 | 0.55 | 0.50 | 0.62 | 0.63 | 0.56 | 0.56 |
| **Cill Dara** | 236,925 | 233,695 | 230,045 | 226,925 | 222,504 | 221 | 189 | 117 | 88 | 102 | 0.93 | 0.81 | 0.51 | 0.39 | 0.46 | 0.75 | 0.57 | 0.45 |
| **Cill Chainnigh** | 103,355 | 102,485 | 101,192 | 100,203 | 99,232 | 64 | 67 | 52 | 71 | 68 | 0.62 | 0.65 | 0.51 | 0.71 | 0.69 | 0.60 | 0.63 | 0.64 |
| **Laois** | 88,087 | 88,348 | 87,334 | 86,088 | 84,697 | 86 | 63 | 79 | 71 | 47 | 0.98 | 0.71 | 0.90 | 0.82 | 0.55 | 0.86 | 0.81 | 0.76 |
| **Liatroim** | 33,146 | 33,049 | 32,732 | 32,343 | 32,044 | 17 | 14 | 22 | 14 | 9 | 0.51 | 0.42 | 0.67 | 0.43 | 0.28 | 0.54 | 0.51 | 0.46 |
| **Luimneach** | 201,089 | 199,730 | 198,659 | 196,102 | 194,899 | 241 | 289 | 192 | 197 | 188 | 1.20 | 1.45 | 0.97 | 1.00 | 0.96 | 1.20 | 1.14 | 0.98 |
| **An Longford** | 42,509 | 42,635 | 42,145 | 41,544 | 40,873 | 73 | 62 | 35 | 37 | 38 | 1.72 | 1.45 | 0.83 | 0.89 | 0.93 | 1.33 | 1.06 | 0.88 |
| **Lú** | 137,237 | 135,366 | 133,251 | 130,087 | 128,884 | 129 | 157 | 126 | 137 | 104 | 0.94 | 1.16 | 0.95 | 1.05 | 0.81 | 1.02 | 1.05 | 0.94 |
| **Maigh Eo** | 135,314 | 133,557 | 131,829 | 130,216 | 130,507 | 81 | 78 | 65 | 86 | 72 | 0.60 | 0.58 | 0.49 | 0.66 | 0.55 | 0.56 | 0.58 | 0.57 |
| **An Mhí** | 207,684 | 204,853 | 201,653 | 198,920 | 195,044 | 115 | 82 | 74 | 105 | 105 | 0.55 | 0.40 | 0.37 | 0.53 | 0.54 | 0.44 | 0.43 | 0.48 |
| **Muineachán** | 63,498 | 63,311 | 62,704 | 61,959 | 61,386 | 55 | 54 | 41 | 30 | 39 | 0.87 | 0.85 | 0.65 | 0.48 | 0.64 | 0.79 | 0.66 | 0.59 |
| **Uíbh Fhailí** | 81,081 | 81,321 | 80,388 | 79,241 | 77,961 | 75 | 34 | 54 | 45 | 33 | 0.93 | 0.42 | 0.67 | 0.57 | 0.42 | 0.67 | 0.55 | 0.55 |
| **Ros Comáin** | 66,922 | 66,053 | 65,198 | 64,400 | 64,544 | 49 | 41 | 34 | 25 | 39 | 0.73 | 0.62 | 0.52 | 0.39 | 0.60 | 0.62 | 0.51 | 0.50 |
| **Sligeach** | 67,790 | 67,590 | 66,942 | 66,147 | 65,535 | 50 | 38 | 38 | 31 | 44 | 0.74 | 0.56 | 0.57 | 0.47 | 0.67 | 0.62 | 0.53 | 0.57 |
| **Tiobraid Árann** | 164,621 | 163,509 | 162,632 | 160,857 | 159,553 | 121 | 119 | 148 | 128 | 122 | 0.74 | 0.73 | 0.91 | 0.80 | 0.76 | 0.79 | 0.81 | 0.82 |
| **Port Láirge** | 121,003 | 119,985 | 118,471 | 117,313 | 116,176 | 155 | 96 | 96 | 81 | 83 | 1.28 | 0.80 | 0.81 | 0.69 | 0.71 | 0.96 | 0.77 | 0.74 |
| **An Iarmhí** | 92,323 | 92,596 | 91,533 | 90,227 | 88,770 | 112 | 84 | 59 | 98 | 67 | 1.21 | 0.91 | 0.64 | 1.09 | 0.75 | 0.92 | 0.88 | 0.83 |
| **Loch Garman** | 155,943 | 154,631 | 152,680 | 151,186 | 149,722 | 179 | 151 | 89 | 75 | 81 | 1.15 | 0.98 | 0.58 | 0.50 | 0.54 | 0.90 | 0.69 | 0.54 |
| **Cill Mhantáin** | 151,655 | 149,588 | 147,251 | 145,255 | 142,425 | 80 | 91 | 70 | 64 | 68 | 0.53 | 0.61 | 0.48 | 0.44 | 0.48 | 0.54 | 0.51 | 0.46 |
| **IOMLÁN** | **4,977,401** | **4,921,503** | **4,857,000** | **4,792,500** | **4,761,865** | **4,769** | **4260** | **3,683** | **3,696** | **3480** | | | | | | | | |

** Tá figiúirí daonra do 2016 bainte as na figiúirí daonáirimh le haghaidh na bliana sin. Tá figiúirí 2017, 2018, 2019 & 2020 bunaithe ar chion na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna bhfoilsiú i Meastacháin Daonra agus Imirce na Príomh-Oifige Staidrimh a eisíodh in 2017, 2018, 2019 & 2020.*


Léiríonn Cairt 2.1.5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiuint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir "duine atá faoi amhras" seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

## CAIRT 2.1.5: An Tam a Caitheadh Sular Eisíodh Cinneadh

| An tAm a Caitheadh | 2020 | % | 2019 | % | 2018 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 - Dhá Sheachtain | 9090 | 56% | 6667 | 54% | 6451 | 55% |
| Dhá - Cheithre Sheachtain | 2573 | 16% | 1826 | 15% | 1778 | 15% |
| Ceithre Seachtaine - Trí Mhí | 2579 | 16% | 2315 | 19% | 2187 | 19% |
| Trí Mhí - Sé Mhí | 1027 | 6% | 998 | 8% | 801 | 7% |
| Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag | 268 | 2% | 379 | 3% | 368 | 3% |
| Os Cionn Bliana | 8 | 0% | 122 | 1% | 82 | 1% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA** | **15545** | **96%** | **12307** | 100% | **11667** | 100% |
| Faoi Bhreithniú | 613 | 4% | 43 | 0% | 8 | 0% |
| **IOMLÁN** | **16158** | 100% | **12350** | 100% | **11675** | 100% |



# 2.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh Díotáil

**2.2.1** Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 2.2.1 go dtí 2.2.5 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2017 agus 2019. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

**2.2.2** Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúismh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíorasc gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

**2.2.3** Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadáil, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna príomhchairteacha de réir an phríomhchiona nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 2.2.3a agus 2.2.4a. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

**2.2.4** Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

**2.2.5** Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 2.2.1 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2017 go 2019 (suas go Aibreán 2021). Baineann na figiúirí le:

**Ciontú:** Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


**Scaoileadh saor:** An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

**Gan éisteacht go fóill:** Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

**NÓTA:** *Níor cuireadh figiúirí 2020 san áireamh de bharr go bhfuil formhór mór na gcásanna sin le dul os comhair cúirte fós agus de bharr gur dócha nach léireodh fothorthaí an líon beag cásanna a bhfuil torthaí ar fáil dóibh an scéal críochnaitheach maidir leis na cásanna go léir.*


## CAIRT 2.2.1: Torthaí na gCásanna n-Ionchúisimh ar Díotáil

| Toradh | 2019 | % | 2018 | % | 2017 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciontú | 2040 | 48% | 2418 | 66% | 2761 | 75% |
| Scaoileadh saor | 30 | 1% | 94 | 2% | 176 | 5% |
| Gan Éisteacht go Fóill | 2150 | 50% | 1071 | 29% | 604 | 16% |
| Caite amach/Éiríodh as | 44 | 1% | 102 | 3% | 155 | 4% |
| **IOMLÁN** | **4264** | | **3685** | | **3696** | |



**CAIRT 2.2.1A: Miondealú ar Chiontú agus Scaoileadh** (Cásanna nár Éistíodh go Fóill gan Bheith san Áireamh)

| | 2019 | % | 2018 | % | 2017 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciontaithe ag Giúiré | 34 | 2% | 82 | 3% | 152 | 5% |
| Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach | 2006 | 96% | 2336 | 93% | 2609 | 89% |
| **CIONTAITHE - IOMLÁN** | **2040** | **98%** | **2418** | **96%** | **2761** | **94%** |
| Scaoilte Saor ag Giúiré | 15 | 1% | 65 | 3% | 127 | 4% |
| Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh | 15 | 1% | 29 | 1% | 49 | 2% |
| **SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN** | **30** | **2%** | **94** | **4%** | **176** | **6%** |
| **IOMLÁN** | **2070** | | **2512** | | **2937** | |



Tugann Cairt 2.2.2 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoraíodh ar díotáil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar 'Le hÉisteacht' ná na cásanna sin nach bhfuil fíorasc taifeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d'fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le héisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. B'fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de chásanna 'Le hÉisteacht' atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 2.2.3 agus 2.2.4. I gcás go mbíonn easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar 'Le hÉisteacht' mura mbíonn *nolle prosequi* iontráilte.

## CAIRT 2.2.2: Torthaí na gCásanna a Ionchúisiodh sa Chúirt Choiriúil Chuarda

| | IOMLÁN | | | Ciontú ag Giúiré | | | Ciontú ar Phléadáil | | | Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú | | | Éigiontú ag Giúiré | | | Éigiontú ag Threoir an Bhreithimh | | | Le hÉisteacht | | | Diúscairt ar Shlí Eile | | |
**3.1.14** Rinne breitheamh na Cúirte Cuarda (maidir le hAchomhairc ón gCúirt Dúiche) cás a shonrú leis an gCúirt Achomhairc i ndiaidh cinneadh a dhéanamh gur sáraíodh Rialacháin a bhaineann leis an mbail a chuirfear ar dhaoine faoi choimeád, maidir le hateangaire a chur ar fáil don fhreagróir. Cheistigh sé ar fhág na sáruithe sin gur coinneáil neamhdhleathach a bhí i gceist agus nach bhféadfaí glacadh leis an bhfianaise a tugadh chun solais ina dhiaidh sin. Chinn an Chúirt Achomhairc nach coinneáil neamhdhleathach a bhí i gceist ina chás siúd agus go raibh sé de lánrogha ag an mbreitheamh trialach agus go raibh sé i dteideal an sampla anála, ar chuir an freagróir ar fáil nuair a gabhadh iad as a bheith ag tiomáint faoi thionchar dí, a chur san áireamh mar fhianaise. Chinn siad nach raibh aon nasc ócáideach ann idir na sáruithe a rinneadh ar na Rialacháin agus gnóthú an tsampla anála.

## RIALACHA BREITHEAMH - IARMHAIRT SHÁRAITHE (Cás Sonraithe)

***DPP v. Khalael,* IEHC 33 (Simons J, 31 Eanáir 2020)**

**3.1.15** Bhí sé de lánrogha ag breitheamh na Cúirte Dúiche an admháil ó bhéal a tugadh do gharda go raibh tiomáint i gceist a chur san áireamh mar fhianaise in ainneoin sárú a bheith déanta ar Riail 9 de chuid Rialacha na mBreitheamh. Éilítear i Riail 9 gur gá go ndéanfaí ráitis a bhreacadh síos i bhfoirm scríofa agus go síneodh an t-amhrastach iad i ndiaidh don ráiteas a bheith léite amach dóibh os ard. Sa chás seo, i ndiaidh don Gharda rabhadh a thabhairt, scríobh sé síos ráiteas na hadmhála faoi thiomáint ina leabhar nótaí, ach níor iarr sé ar an gcúisí é a shíniú.

## CÚNAMH DLÍTHIÚIL
(Athbhreithniú Breithiúnachta)

***Cully v. DPP,* IEHC 438 (Meenan J, 25 Bealtaine 2020)**

**3.1.16** Cuireadh sannadh cúnaimh dhlíthiúil in imeachtaí na Cúirte Dúiche ar neamhní i gcásanna nach raibh an t-iarratasóir tar éis clárú le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil maidir le duilleoga áirithe na gcúiseamh. Is gá don iarratasóir clárú le haghaidh teastais cúnaimh dhlíthiúil sular féidir leis an gcúirt é a dheonú.

## SCÉIM SAINCHEISTEANNA COIMEÁDTA UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL (Achomharc Airteagal 34)

***O'Shea v. Bord um Chúnamh Dlíthiúil*, IESC 51 (Baker J, 31 Iúil 2020)**

**3.1.17** Moladh a rinne an Ard-Chúirt go n-íocfadh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil na costais, sa chás go raibh imeachtaí an cháis á gclúdach ag an Scéim Saincheisteanna Coimeádta um Chúnamh Dlíthiúil, níorbh ionann é agus ordú arbh éigean don Bhord a leanúint. Luaigh an Chúirt, áfach, gur moladh tábhachtach agus luachmhar a bhí ann ar chóir é a chur san áireamh ar shlí réasúnach agus dhleathach.

## TEASTAS LEIGHIS DOCHTÚRA (Roinn 34 An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, Achomharc)

***DPP v. LE*, IECA 362 (Birmingham P, 21 Nollaig 2020)**

**3.1.18** Cúisíodh an freagróir sa Chúirt Chuarda de réir roinn 3 d'Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 - Ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh. Rialaigh an breitheamh trialach nach bhféadfadh an t-ionchúiseamh an fhianaise leighis a thabhairt ar aird faoi roinn 25 d'Acht 1997 sa chás nárbh ionann údar an teastais agus an dochtúir a scrúdaigh an gearánach. Rinne an Stiúrthóir achomharc in aghaidh an rialaithe. Chinn an Chúirt Achomhairc nárbh ann d'aon fhoráil reachtúil a d'éiligh gur ghá go mbeadh an teastas leighis de chuid roinn 25 scríofa ag an gcleachtóir a scrúdaigh an gearánach chun go bhféadfaí glacadh leis. An t-aon riachtanas atá ann ná go mbíonn baint aige le scrúdú a rinneadh ar pháirtí díobháilte.

## FIANAISE AR IARRAIDH (Cás Sonraithe)

***DPP v. Doyle*, IEHC 120 (Gearty J, 6 Márta 2020)**

**3.1.19** Diúltaíodh don iarratas a rinneadh go ndéanfaí muirir a bhain le tiomáint chontúirteach a chaitheamh amach de bharr go raibh cuid den fhianaise CCTV in easnamh. Rinne breitheamh na Cúirte Dúiche cás a shonrú leis an Ard-Chúirt arna iarraidh sin don chúisí. D'áitigh an t-iarratasóir go ndéanfadh scrios an ábhair scannánaíochta CCTV de thaisme dochar di. Chinn an Ard-Chúirt go raibh an ceart ag breitheamh na Cúirte Dúiche a rá nach mbeadh triail éagórach ag an iarratasóir ar an mbonn go raibh ábhar scannánaíochta in easnamh.

## CUMHACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA CHUN DUL ISTEACH I DTEAGHAIS (Achomharc i bhfoirm Cáis Shonraithe)

***DPP v. Philip O'Brien*, IEHC 110 (Meenan J, 6 Feabhra 2020)**

**3.1.20** Chinn an Ard-Chúirt nach raibh cumhacht ag na Gardaí de réir an dlí choitinn dul isteach i dteaghais baile an fhreagróra chun é a ghabháil ar dhrochamhras go raibh an cion faoin dlí coiteann ar briseadh síochána é déanta aige.

## MÍGHEANAS POIBLÍ (Athbhreithniú Breithiúnachta)

***Bita v. DPP*, IECA 69 (Donnelly J, 13 Márta 2020)**

**3.1.21** Sheas an Chúirt Achomhairc le cinneadh de chuid na hArd-Chúirte ní ba luaithe a sheas leis an mbunreachtúlacht a bhain le cion an mhígheanais phoiblí contrártha do roinn 5 d'Acht Leasaithe um Dlínse Achomhaire (Éire) 1871. Chinn an chúirt nach raibh éiginnteacht ná doiléireacht ag baint le cur síos an reachta ar an gcion.

## COINNEÁIL SONRAÍ TEILEAFÓIN SOGHLUAISTE (Réamhthagairt do CJEU)

***Dwyer v. Coimisinéir An Gharda Síochána*, IESC 4 (Clarke CJ, 24 Feabhra 2020)**

**3.1.22** Tá an cás seo tarchurtha ag an gCúirt Uachtarach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU). Iarradh ar an CJEU bailíocht ranna de chuid an an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 a mheas ag féachaint do dhlí an AE. Téann an tAcht i ngleic le coinneáil meiteashonraí

teileafóin soghluaiste i gcuid mhór de, agus leis an teacht atá ag an nGarda Síochána orthu.

## BARÁNTAS CUARDAIGH (Roinn 23 An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010 Achomharc)

***DPP v. DPP*, IECA 162 (Donnelly J, 28 Márta 2020)**

**3.1.23** Cheadaigh an Chúirt achomhairc an Stiúrthóra i gcoinne rialaithe a rinne breitheamh trialach a raibh an giúiré treoraithe aige an cúisí a éigiontú, i ndiaidh dó a rialú roimhe sin nach bhféadfaí glacadh le fianaise a fuarthas de chois de bharántas cuardaigh. Chinn an Chúirt Achomhairc gur barántas cuardaigh bailí a bhí ann agus go raibh tuairisc leordhóthanach ann ar an áitreabh a bhí le cuardach.

## PIANBHREITH (Athbhreithniú Breithiúnach)

***DPP v. Fitzgerald*, IEHC 476 (Meenan J, 18 Meán Fómhair 2020)**

**3.1.24** Ní raibh dlínse ag an gCúirt Dúiche cionta áirithe cánach a scrios i ndiaidh do phléadáil chiontach a bheith taifeadta, os rud é go raibh scéim phionós éigeantach curtha ar fáil go sonrach ag an reachtaíocht ar chiontú, nach raibh feidhmiú an tAcht um Phromhadh Chiontóirí 1907 san áireamh inti.

## LEORDHÓTHAIN FIANAISE (Athbhreithniú Breithiúnach)

***Tracey v. O'Donnell, IESC 19 (MacMenamin J) 30 Aibreán 2020***

**3.1.25** Baineann leordhóthain fianaise in ionchúiseamh de chuid na Cúirte Dúiche le hAchomhairc na Cúirte Dúiche agus níor cheart é a fhágáil faoi athbhreithniú breithiúnach, ach amháin i gcásanna ar leith.

# 3.2 Íospartaigh Coireachta

**3.2.1** I mí na Samhna 2015, tháinig Treoir lena mbunaítear na híoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta a chur i bhfeidhm. Rinneadh Treoir AE a thrasuí i ndlí na hÉireann le hachtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 i mí na Samhna 2017.

**3.2.2** Faoin Acht, tá cearta sonracha ag íospartaigh chun faisnéis a fháil. Tá cearta nós imeachta le linn imeachtaí cúirte acu chomh maith. Sainítear íospartach san Acht mar dhuine a ndearnadh díobháil dó ní di, lena n-áirítear dochar fisiciúil, meabhrach nó mothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch a tharla go díreach de dheasca ciona, nó baill teaghlaigh duine éigin a fuair bás mar gheall go díreach ar chion coiriúil agus ar tharla díobháil do nó di mar thoradh ar bhás an duine sin.

**3.2.3** Ó tháinig an Treoir maidir le hÍospartaigh agus ina dhiaidh sin an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 isteach, tá an ceart ag íospartaigh chun achoimre ar an gcúis leis an gcinneadh gan an cion a ionchúiseamh i ngach cás ina ndearnadh an cinneadh ar an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin (an dáta ar tháinig an Treoir maidir le hÍospartaigh isteach), faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta. Is féidir le híospartach athbhreithniú ar chinneadh gan an cion a ionchúiseamh a iarraidh chomh maith. Déanann dlíodóir nach raibh bainteach leis an mbunchinneadh an t-athbhreithniú.

I gCairteacha 3.2.1 go 3.2.4 léirítear an líon iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a fuarthas ón 16 Samhain 2015 agus na príomhchatagóirí ciona a bhí ina n-ábhar sna hiarratais sin. Sular tháinig an Treoir maidir le hÍospartaigh isteach, thug an Oifig, ó mhí Dheireadh Fómhair 2008, cúiseanna as cinntí gan an cion a ionchúiseamh, ar iarratas, do teaghlaigh na n-íospartach i gcásanna marfacha amháin.

**3.2.4** Déileálann an tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh le gach iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a fhaightear ó íospartaigh na coireachta. Soláthraíonn na baill foirne san aonad seirbhís faisnéise chomh maith d'íospartaigh a dhéanann teagmháil leis an Oifig ar an nguthán. Sholáthair an Oifig leabhráin faisnéise d'íospartaigh ar 'Conas a dhéanaimid cinntí maidir le hionchúiseamh' agus 'Conas cúiseanna agus athbhreithnithe a iarraidh'. Tá an dá leabhrán - mar aon le cinn eile a d'fhéadfadh cuidiú le híospartaigh na coireachta - ar fáil ar an rannóg 'Íospartaigh agus Finnéithe' ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie.

**3.2.5** Chomh maith le hobair an Aonaid Idirchaidrimh Íospartach, tá freagrachtaí ag gach ball foirne dlíthiúil san Oifig, aturnaetha stáit agus an abhcóide a dhéanamh ionadaíocht ar son na hOifige as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Oifig a hoibleagáidí i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach arna leagan amach san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. Áirítear leis sin cruinniú réamhthrialach a eagrú le híospartaigh i gcineálacha áirithe cásanna, agus bearta speisialta a chur i bhfeidhm chun cuidiú le híospartaigh fianaise a thabhairt i gcás go bhfuil gá leis sin.

**3.2.6** Leanfaidh an Oifig seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir agus nósanna imeachta lena chinntiú go gcloíonn siad leis an reachtaíocht, agus go bhfuilimid ábalta na caighdeáin agus an cháilíocht seirbhíse a theastaíonn ó íospartaigh na coireachta dá bhfuil siad i dteideal a chur ar fáil dóibh.

**3.2.7** Le linn 2019, fuair an Oifig tacaíocht ón Rialtas chun Aonad Cionta Gnéasacha a bhunú. Tá sé beartaithe go ndéanfar na cionta gnéasacha ar fad a ionchúiseofar sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus beagnach gach catagóirí ciona ghnéasaigh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath a bhainistiú ó thús go deireadh laistigh den aonad úr sin. Lena chois sin, déanfaidh an tAonad Cionta Gnéasacha cinntí ionchúiseacha maidir le cásanna cionta gnéasacha a thionscnófar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Chuir an SOU tús le hoibríochtaí ar bhonn céimnithe in Aibreán 2021 ag glacadh ualach cásanna atá ann cheana ó thrialacha leanúnacha os comhair na Cúirte Coiriúla Lárnaí agus Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, chomh maith le comhaid nua a thógáil isteach lena mbreithniú le haghaidh ionchúisimh.

Beidh taithí oibriúcháin an Aonaid mar bhonn eolais suntasach le haghaidh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbeartas le haghaidh gach gné de láimhseáil na gcásanna sin ar fud na tíre agus oibreoidh an tAonad úr go dlúth le hAonad Beartas na hOifige maidir leis sin.

## CUR I BHFEIDHM NA TREORACH Ó AE

Tháinig Treoir AE 2012/29 i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015. Faoin Treoir, tá sé de cheart ag íospartaigh achoimre a fháil ar na cúiseanna a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna ina ndearnadh an cinneadh ar nó i ndiaidh an 16 de mhí na Samhna 2015 Tá sé de cheart ag íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Leagtar amach i gCairteacha 3.2.1 agus 3.2.2 thíos líon na n-iarratas ar achoimre ar na cúiseanna a fuarthas in 2020, 2019 agus 2018 agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.


### CAIRT 3.2.1: Iarrataí ar Achoimre ar Chúiseanna

| | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Na cúiseanna a tugadh | 670 | 613 | 583 |
| Na cúiseanna a diúltaíodh | 28 | 30 | 37 |
| Ar feitheamh | 0 | 1 | 0 |
| **IOMLÁN iarrataí i gcomhair cúiseanna a fuarthas** | **698** | **644** | **620** |

Áireofaí samplaí de chásanna inár diúltaíodh dóibh iarrataí bainteacha le cinntí a rinneadh roimh 16 de mhí na Samhna 2015, nó go mbeadh tionchar acu ar chás cúirte sa todhchaí.

### CAIRT 3.2.2: Catagóirí Cionta a bhí faoi Réir Iarrataí i gComhair Cúiseanna

| Catagóirí Cionta | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Cionta Gnéis | 310 | 274 | 259 |
| Cionta neam-mharfacha i gcoinne Duine | 179 | 135 | 149 |
| Cionta Gadaíochta agus Calaoise | 65 | 80 | 86 |
| Cionta Marfacha | 14 | 10 | 10 |
| Damáiste Coiriúil | 15 | 28 | 15 |
| Trácht Bóithre (Ginearálta) | 38 | 29 | 30 |
| Eile | 77 | 88 | 71 |
| **IOMLÁN** | **698** | **644** | **620** |



Leagtar amach i gCairteacha 3.2.3 agus 3.2.4 thíos líon na n-iarratas ar athbhreithniú a fuarthas in 2020, 2019 agus 2018 (ón am ar tháinig an Treoir i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015) agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.


## CAIRT 3.2.3: Iarrataí i gcomhair Athbhreithniú ar Chinneadh gan Ionchúiseamh a dhéanamh

| | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Cinntí bunaidh | 204 | 200 | 195 |
| Cinntíbunaidh a cuireadh ar ceal | 6 | 10 | 5 |
| Iarrataí neamhbhailí | 2 | 1 | 2 |
| Ar feitheamh | 8 | 2 | 0 |
| **IOMLÁN** | **220** | **213** | **202** |

Áireofaí iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a rinne An Garda Síochána agus ní Oifig an DPP.

## CAIRT 3.2.4: Catagóirí conta a bhí ina nábhair d'iarrataí athbhreithnithe

| Catagóirí Cionta | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| Cionta Gneis | 87 | 86 | 83 |
| Cionta neamh-mharfacha i gcoinne Duine | 60 | 50 | 42 |
| Cionta Gadaiochta agus Calaoise | 27 | 27 | 29 |
| Cionta Marfacha | 3 | 2 | 7 |
| Damáiste Coiriúil | 5 | 11 | 6 |
| Trácht Bóithre | 8 | 7 | 6 |
| Eile | 30 | 30 | 29 |
| **IOMLÁN** | **220** | **213** | **202** |



# 3.3 Rannpháirtíocht agus For-rochtain Sheachtrach

**3.3.1** Mar a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2019-2021 d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, tá an comhoibriú le geallsealbhóirí eile i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann agus le comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta mar chuspóir ríthábhachtach de chuid obair na hOifige. Chomh maith leis an dlúthchomhoibriú le gníomhaireachtaí eile a thagann chun cinn i gcásanna aonair, bhí tábhacht ar leith ag baint leis an rannpháirtíocht agus leis an bhfor-rochtain sheachtrach in obair na hOifige i gcaitheamh na bliana.

**3.3.2** Chruthaigh srianta na paindéime Covid-19 dúshláin agus deiseanna forbartha le haghaidh na rannpháirtíochta seachtraí in 2020. Níorbh fhéidir roinnt gníomhaíochtaí for-rochtana arna óstáil ag an Oifig de ghnáth a eagrú, cláir intéirneachta agus idirbliana agus Clár Malartaithe Idirnáisiúnta um Smacht Reachta na hÉireann ina measc. É sin ráite, chuir teacht chun cinn gasta na cumarsáide fíorúla sna hionaid oibre go mór leis an bhféidearthacht a bhain le gnéithe lóistíochtúla na rannpháirtíochta seachtraí, in Éirinn agus thar lear, agus bhí rannpháirtíocht shuntasach sheachtrach ann ar bhonn fíorúil in 2020 dá bharr. Reáchtáladh an 21ú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil na nIonchúisitheoirí ó chian i mí na Samhna 2020 agus bhí an slua ba mhó riamh i láthair. D'fhreastail réimse leathan geallsealbhóirí, beagnach 300 acu, ó chóras ceartais choiriúil na hÉireann ar an gComhdháil. D'óstáil an Oifig Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit i mí Eanáir 2020.

## Comhlachtaí agus Líonra Idirnáisiúnta

**3.3.3** Tá baill foirne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí rannpáirteach i roinnt mhaith comhlachtaí idirnáisiúnta i réimse an cheartais choiriúil. Tá ionchúisitheoir de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lonnaithe in Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, sa Háig. Bhí an Stiúrthóir agus foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí rannpháirteach i roinnt comhlachtaí agus líonraí idirnáisiúnta in 2020 lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Comhlachas Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí (IAP)
- Comhairle Chomhairleach Chomhairle na hEorpa um Ionchúisitheoirí Eorpacha
- Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Bheartas Coiriúil
- Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht, arna óstáil ag Eurojust
- Gréasán Cibearchoireachta Ionchúisitheoirí Domhanda, arna óstáil ag an IAP
- Gréasán Eorpach Ionchúisitheoirí ar son an Chomhshaoil
- Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chúrsaí Coiriúla

**3.3.4** Tá freagraí tugtha ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar iarratais ó chomhlachtaí idirnáisiúnta in 2020, i gcomhthéacs bailithe faisnéise nó measúnaithe ar ghnéithe de chuid chóras ceartais choiriúil na hÉireann. Bhí an Oifig rannpháirteach i gcur i gcrích na chéad Tuarascála de chuid an AE maidir leis an Smacht Reachta, a raibh tuarascáil de réir tíre ar Éire san áireamh inti, a eisíodh in 2020 agus a chuirfear ar fáil mar thuarascáil bhliantúil ón AE as seo amach. Bhí an t-ullmhúchán le haghaidh Brexit agus an tionchar a bheadh aige ar an gcomhoibriú ceartais choiriúil ina chúis freisin le rannpháirtíocht shuntasach idir an Ríocht Aontaithe agus institiúid agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh in 2020.

## Comhlachtaí Náisiúnta agus Coistí Idirghníomhaireachta

3.3.5 Bhí baill foirne an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí rannpháirteach go mór i gcomhlachtaí náisiúnta agus coistí idirghníomhaireachta agus grúpaí oibre in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- An Coiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil, ina dtugtar le chéile Cinn na nGníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil, agus a fhogrúpaí;
- Coiste um Dhlí Coiriúil an Dhlí-Chumainn;
- An Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil;
- Grúpaí úsáideoirí agus coistí éifeachtúlachta do na dlínsí cúirte uile;
- Grúpaí idirchaidrimh ardleibhéil agus bunaithe ar thopaicí leis an nGarda Síochána;
- Grúpa Ardleibhéil Athbhreithnithe ar ról An Garda Síochána sa chóras ionchúiseamh poiblí
- Grúpa ardleibhéil ar an Reachtaíocht um Choireacht;
- Grúpa Ardleibhéil ar Gháinneáil ar Dhaoine
- Athbhreithniú Idirghníomhaireachta ar Fhinnéithe Leochaileacha a Chosaint in Imscrúdú agus Ionchúiseamh Cionta Gnéasacha (faoi chathaoirleacht Tom O'Malley BL);
- Sainghrúpa maidir le Bille chun Cumhachtaí na nGardaí maidir le Cuardach, Gabháil agus Coimeád a Chódú;
- Coiste Stiúrtha Brexit;
- Gréasán na Ríochta Aontaithe-na hÉireann um Chomhoibriú Ceartais Choiriúil
- Coiste Stiúrtha an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais
- Coiste Staidrimh Náisiúnta maidir le Sócmhainní Urghafa;
- An Coiste Stiúrtha um Frithsciúradh Airgid agus an Foghrúpa um Maoiniú Sceimhlitheoireachta;
- Mol Oibriúcháin an Cheartais Choiriúil;
- Grúpa Oibre maidir le Pleanáil Theagmhasach Brexit um Chomhroinnt Sonraí;
- Líonra na Rialaitheoirí;
- Grúpa Oibre an ECFE maidir le Breabaireacht;
- Athbhreithniú ar na Struchtúir maidir le Frithéilliú agus Frithchalaoise (Athbhreithniú Hamilton);
- Coiste Airteagal 40;
- Grúpa Oibre an Achta Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014;
- Grúpa Oibre Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta / an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí;
- Grúpa Comhairle an Chláir Trasteorann maidir le Ceisteanna Íospartach;
- Líonra um Cheartas Coiriúil agus Míchumas na hÉireann;
- Grúpa Oibre um Cheartas Coiriúil (Córas um Pionóis Muirir Sheasta);
- Grúpa Tionscadail um Bille Iomaíochta (Leasú) 2021
- Líon Líonraí um Bainistíocht Eolais Dhlíthiúil agus Leabharlannaithe Dlí.

## Oiliúint ar Ghníomhaireachtaí Sheachtracha

3.3.6 Aithníonn an Oifig gurb é deis luachmhar é oiliúint a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghníomhaireachtaí seachtracha chun an dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le hionchúiseamh cionta coiriúla. Le linn 2020, chuir baill foirne dhlíthiúla in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí oiliúint ar fáil don Gharda Síochána go háirithe, mar chuid d'oiliúint thosaigh agus oiliúint na nGardaí ar ardú céime i gColáiste na nGardaí. Cuireadh oiliúint agus ionchur ar fáil d'aonaid speisialta na nGardaí le forbairt a dhéanamh ar mhodúil oiliúna Gardaí maidir le topaicí cuí dlíthiúla.

Chuir foireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go mór le hoiliúint an Dlí-Chumainn in 2020. Éascaíodh léachtaí, ranganna teagaisc, agus oiliúint scileanna mar chuid de mhodúl um Dhlíthíocht Choiriúil an Chleachtais Ghairmiúil Cúrsa 1;

Cuireadh oiliúint ar fáil do chomhlachtaí geallsealbhóirí chomh maith, An Roinn Dlí agus Cirt, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach ina measc.

Cuimsíodh raon topaicí sna seisiúin oiliúna a éascaíodh do gheallsealbhóirí seachtracha in 2020, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ullmhú éifeachtach comhad;
- Nós imeachta Coiriúil agus léiriú cúirte;
- Gáinneáil neamhcheadaithe ar an duine a ionchúiseamh;
- Cionta maidir le sciúradh airgid a ionchúiseamh;
- Ionchúisimh rialála;
- Ionchúisimh maidir le hIascaigh mhara;
- Cearta Leanaí sa Chóras Ceartais Choiriúil; agus
- An Smacht Reachta

**3.3.7** Aithníonn an Oifig an t-ionchur luachmhar a bhíonn ag foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtionscadail taighde ag acadóirí agus ag grúpaí de chuid na sochaí sibhialta ar ghnéithe an cheartais choiriúil, a mhéid atá na hacmhainní ann chuige sin. In 2020, bhí ionchur ag foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtionscadail taighde ar an gceart bheith i do thost, ar chearta nós imeachta d'amhrastaigh agus do dhaoine cúisithe, ar choinneáil réamhthrialach i gcomhthéacs an AE agus ar inrochtaineacht an Fhógra um Chearta do dhaoine atá á gcoinneáil.

## Gníomhaíochtaí For-rochtana

**3.3.8** Áirítear iad seo a leanas le gníomhaíochtaí for-rochtana in 2020:

Comhairliúchán grúpa agus aonair le grúpaí de chuid na sochaí sibhialta a chuireann seibhísí agus tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta i gcomhthéacs tagairt a dhéanamh do ghnéithe na hoiliúna sa Tuarascáil um Athbhreithniú Idirghníomhaireachta ar Fhinnéithe Leochaileacha a Chosaint in Imscrúdú agus Ionchúiseamh Cionta Gnéasacha.

- Clár cliniciúil socrúcháin earraigh do bheirt mhac léinn fochéime ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana dírithe ar mhic léinn dara agus tríú leibhéal agus ar chomhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - rannpháirtithe a óstáil go cianda i gClár Intéirneachta Samhraidh an Phríomh-Bhreithimh do Mhic Léinn an Dlí
  - Rannpháirtíocht i gclár idirbhliana samhraidh Choiste Barra na hÉireann.
  - Labhairt le Searmanas Meamraim an Dlí-Chumainn d'aturnaetha nuacháilithe.
  - Rannpháirtíocht i dtialacha bréige i Scoil Dlí Bhaile Átha Cliath, i gColáiste na Tríonóide
  - Labhairt le FLAC ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

# CUID 4:

## Riarachán Oifige

# 4.1 Caiteachas na hOifige

I gCairt 4.1.1 taispeántar miondealú ar chaiteachas na hoifige do na blianta 2020, 2019 agus 2018.

**Tuarastail & Pá:** Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2020 ná 208.24 (coibhéis lánaimseartha) .

**Costais Oifige:** Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhasacha.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Tagraíonn sé seo d'íoc méideanna a comhaontaíodh trí chonradh le 32 Aturnae Stáit i gcleachtais phríobháideacha atá faoi chonradh leis an Oifig seo chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Stiúrthóir sna cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


**Táillí a íoctar le hAbhcóidí:** Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaiméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Costais Ghinearálta Dhlíthiúla:** Baineann sé seo le híoc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra.

**NÓTA:** *Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt 4.1.1. i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasaí-i-gCabhair faoi seach.*

## CAIRT 4.1.1: Caiteachas Oifige

| | 2020 € | % | 2019 € | % | 2018 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 15,363,236 | 36% | 14,502,533 | 34% | 13,453,646 | 32% |
| Costais Oifige | 3,085,343 | 7% | 2,541,688 | 6% | 3,187,616 | 7% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 7,183,237 | 16% | 7,235,623 | 17% | 6,848,584 | 16% |
| Táillí Abhcóide | 15,785,139 | 36% | 16,813,805 | 40% | 17,391,679 | 41% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 2,130,147 | 5% | 1,101,542 | 3% | 1,677,859 | 4% |
| **IOMLÁN** | **43,547,102** | **100%** | **42,195,191** | **100%** | **42,559,384** | **100%** |




I gCairteacha 4.1.2 & 4.1.3 taispeántar miondealú ar chaiteachas ar tháillí a íocadh le habhcóidí sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus ar chaiteachas de réir réigiún i leith na Cúirte Cuarda Coiriúla.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil & sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


## **CAIRT 4.1.2:** Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cúirte

| | 2020<br>€ | % | 2019<br>€ | % | 2018<br>€ | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Chuarda | 6,965,910 | 44% | 7,856,391 | 47% | 8,482,806 | 49% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 5,342,675 | 34% | 5,450,788 | 32% | 4,809,819 | 28% |
| An Ard-Chúirt | 1,395,123 | 9% | 1,107,779 | 7% | 1,198,836 | 7% |
| An Chúirt Uachtarach | 385,486 | 2% | 347,348 | 2% | 253,819 | 1% |
| An Chúirt Achomhairc | 1,128,720 | 7% | 1,067,999 | 6% | 1,259,052 | 7% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 538,282 | 3% | 907,921 | 5% | 1,355,457 | 8% |
| An Chúirt Dúiche | 28,942 | 0% | 75,579 | 0% | 31,890 | 0% |
| **IOMLÁN** | **15,785,138** | **99%** | **16,813,805** | **99%** | **17,391,679** | **100%** |



**CAIRT 4.1.3:** Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cuarda

| | 2020 € | % | 2019 € | % | 2018 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 3,484,297 | 50% | 3,735,269 | 48% | 5,030,155 | 59% |
| Cuaird Chorcaí | 481,390 | 7% | 666,619 | 8% | 480,538 | 6% |
| Cuaird an Oirthir | 794,341 | 11% | 787,540 | 10% | 618,041 | 7% |
| Cuaird Lár Tíre | 435,859 | 6% | 388,627 | 5% | 367,777 | 4% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 238,415 | 3% | 311,009 | 4% | 260,705 | 3% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 714,463 | 10% | 1,008,665 | 13% | 839,518 | 10% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 605,338 | 9% | 555,688 | 7% | 565,244 | 7% |
| Cuaird an Iarthair | 211,807 | 3% | 402,974 | 5% | 320,827 | 4% |
| **IOMLÁN** | **6,965,910** | **99%** | **7,856,391** | **100%** | **8,482,805** | **100%** |



# 4.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2019

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| | | Soláthars na Eastacháin<br>€'000 | 2019 Toradh<br>€'000 | 2018 Toradh<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS CLÁIR** | | | | |
| **A.** | **Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar** | 43,719 | 43,090 | 43,389 |
| | **Ollchaiteachas** | **43,719** | **43,090** | **43,389** |
| | *Lúide* | | | |
| **B.** | **Leithreasaithe-i-gCabhair** | **910** | **895** | **830** |
| | **Glanchaiteachas** | **€42,809** | **€42,195** | **€42,559** |

**An Barrachas atá le Géilleadh**

Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **An Barrachas atá le Géilleadh** | **€613,809** | **€942,617** |

# 4.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH N TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2020

**4.3.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**4.3.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, rinne an Oifig dhá íocaíocht dhéanacha de bhreis ar €317.50. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €1,799. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €1,841 as luach iomlán íocaíochtaí de €3.24 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €164.51.

### RÁITEAS AN OIFIGIGH CHUNTASAÍOCHTA

**4.3.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**4.3.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**4.3.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Aibreán 2021

# 4.4 Saoráil Faisnéise

**4.4.1** Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 maítear ceart na mball den phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, a mhéid is comhsheasmhach le leas an phobail agus an ceart chun príobháideacht daoine aonair .

**4.4.2** In Alt 42(f) d'Acht 2014 soláthraítear ceart chun rochtana amháin i ndáil le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ciallaíonn sé sin go bunúsach nach féidir taifid ina bhfuil comhaid um ionchúiseamh coiriúil a rochtain faoi Acht SF.

**4.4.3** Leanann an Oifig le faisnéis SF a chur ar fáil a éasca is féidir. Tá ár Scéim Foilseachán um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. San Fhoilseachán seo tugtar breac-chuntas ar gnó na hOifige lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.

**4.4.4** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad SF ar an nguthán ag (01) 858 8500 nó ar ríomhphost chuig foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist seo a úsáid chun iarratas um Shaoráil Faisnéise a chur isteach, ach ní féidir é a úsáid nuair a bheidh athbhreithniú inmheánach á iarraidh i gcás go dteastaíonn táille iarratais.

**4.4.5** Le linn 2020 cuireadh 46 iarratas ar an iomlán faoi bhráid na hOifige. Deonaíodh 26 n-iarratas déag go hiomlán/i bpáirt, diúltaíodh 15 iarratas agus déileáladh le cúig cinn lasmuigh de SF. Ba é an phríomhchúis le diúltú nár bhain na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.

**4.4.6** Ba iad iriseoirí a chuir 22 de na hiarratais isteach, chuir gnóthaí/grúpaí leasa trí díobh isteach, agus rinne an pobal i gcoitinne an 21 iarratas eile.

**4.4.7** Sna 15 chás ar diúltaíodh le hiarratais, lorg beirt de na hiarratasóirí athbhreithniú inmheánach ar an mbunchinneadh agus lorg duine amháin achomharc chun an Choimisinéir Faisnéise le haghaidh athbhreithnithe. Seasadh leis na bunchinntí i ngach cás.

| Iarratas a Fuarthas 2020 | |
|---|---|
| Iarratais a Ceadaíodh go hlomlán nó go Páirteach | 26 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 15 |
| Tarraingthe siar / Déileáladh leo taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise | 5 |
| **IOMLÁN NA NIARRATAS** | **46** |

| Lucht Iarratais 2020 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 22 |
| Daoine den Phobal | 21 |
| Grúpaí Gnó/Leasa | 3 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2019 | |
|---|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach | 2 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 1 |

# 4.5 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2020

## Forbhreathbnú ar Úsáid Fuinnimh in 2020

**4.5.1** In 2020, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 983.73 MWh d'fhuinneamh.

Baineann iomlán an fhuinnimh a ídíodh le téamh spáis, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige eile ag ár bhfoirgnimh oifige i mBóthar na hOtharlainne.

Tá an figiúr sin curtha le chéile mar a leanas:

- 384.71 MWh de Leictreachas
- 630.25 MWh de Ghás Nádúrtha

In ainneoin gur ó bhearta feabhsaithe bainistíochta fuinnimh a chineann cuid den gcoigilteas a baineadh amach in 2020, tháinig méadú imeallach ar ídiú fuinnimh in 2019, 3.2% san iomlán. Roinnt tosca is cúis leis seo, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- méadú ar raon uaireanta oscailte oifige le freastal ar shocruithe oibre níos sábháilte ó thaobh bearta chun COVID 19 a chosc san ionad oibre, fad a bhí seirbhís riachtanach á cur ar fáil go leanúnach ag an oifig.
- méadú ar sheirbhísí foirgnimh (e.g. glantachán, sláintiú) a bhaineann le COVID 19 a chosc san ionad oibre.
- méadú ar úsáid fuinnimh a bhaineann le rochtain chianda na foirne ar chórais IT na hoifige de réir mar a bhí gá leis;
- méadú ar líon na mball foirne san Oifig;
- trealamh breise le haghaidh freastalaí IT ag teastáil chun córais IT na hoifige a chothabháil;
- tháinig fadhbanna teicniúla áirithe chun cinn ar feadh tréimhse ama leis na rialuithe téimh uisce.

## Gníomhaíochtaí a Rinneadh in 2020

**4.5.2** Le linn 2020, leanadh le monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Os rud é gur cuireadh moill ar thograí tógála nó gur cuireadh ar athló iad de bharr srianta COVID 19, níor réadaíodh coigilteas breise tionscadalbhunaithe nua ar bith. Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2020:

- Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta fuinnimh reatha agus múchadh coirí gáis ar feadh tréimhsí fada ama i gcaitheamh an tsamhraidh.
- Rinneadh córais coirí úra a chothabháil agus baineadh úsáid as rialuithe córais téimh úra chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil an ídithe fuinnimh agus iad a bheachtú.
- Baineadh úsáid as an gCóras Bainistíochta Foirgneamh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí chun aonrú foirgneamh ar an láithreán a éascú chun éifeachtúlacht i mbainistíocht fuinnimh a mhéadú in aghaidh an fhoirgnimh de réir mar a bhí gá léi.

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe le hAghaidh 2021

**4.5.3** Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh 2021:

- Leanúint le huasmhéadú ar úsáid an Chórais Bhainistíochta Foirgneamh chun coigilteas incriminteach in ídiú fuinnimh a shainaithint agus a bhaint amach.

- Beartas sonracha spárála fuinnimh a iniúchadh agus iad a chuimsiú i ngach tionscadal foirgníochta amach anseo.

- Bearta um insliú a cuireadh ar aghaidh ó 2020 a chur chun cinn agus tograí úra a fhorbairt le haghaidh insliú spriocdhírithe d'fhoirgneamh na príomhoifige.
- Leanúint le feachtas feasachta ag baint úsáid as comharthaíocht agus póstaeir.
- Athbhreithniú na tuarascála maidir leis an Iniúchadh Fuinnimh a sheoladh, arna urrú ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na foirgnimh ar an láithreán, tograí a scrúdú agus a fhorbairt le haghaidh tuilleadh laghdaithe ar an ídiú fuinnimh.

# 4.6 Scéim na Gaeilge

**4.6.1** Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta 4ú Scéim na Gaeilge i mí na Bealtaine 2018. Tháinig an scéim i bhfeidhm ón 28 Bealtaine 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin (2018–2021). Déanfar 5ú Scéim na Gaeilge don Oifig a ullmhú in 2021.

**4.6.2** Le linn 2020 ní raibh riachtanas ar bith ag an Oifig déileáil le cásanna cúirte ar bith i nGaeilge. Dhéileáil ball dár bpainéal Gaeilgeoirí le hiarratas amháin ar dhoiciméad a aistriú go Gaeilge.

**4.6.3** Sholáthair an Oifig ceithre fhoilseachán le linn 2020:

- **i)** Tuarascáil Bhliantúil 2019
- **ii)** Cad is achomharc i leith ciontaithe ann? (bileog faisnéise)
- **iii)** Cad is achomharc i leith pianbhreithe ann? (bileog faisnéise)
- **iv)** Cad is achomharc i leith boige mhíchuí ann? (bileog faisnéise)

Foilsíodh na foilseacháin ar fad sa dá theanga.

**4.6.4** Déantar suíomh gréasáin na hOifige, www.dppireland.ie a choimeád agus a nuashonrú i bhformáid dhátheangach. Déanann aistritheoirí seachtracha nuashonruithe ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin a aistriú. Foilsítear na hathruithe ansin ag an am céanna ar na leaganacha Gaeilge agus Béarla den suíomh gréasáin. Le linn 2020, b'ionann líon iomlán na radharc ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin agus 981. Is ionann é sin agus 0.59% de gach radharc leathanaigh (166,690). Seachas an leathanach baile Gaeilge, is iad seo a leanas na leathanaigh Ghaeilge ba mhó ar tugadh cuairt orthu:

- Na Folúntais is Deireanaí
- Íospartaigh agus Finnéithe
- COVID-19: Oifig an DPP - nuashonrú seirbhíse

**4.6.5** Leanann ár nAonad Oiliúna le cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn lena chinntiú gur féidir leis an Oifig a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Le linn 2020, áfach, ní dhearna ball ar bith den fhoireann cúrsaí Gaeilge.